Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Ceacht 5



## Éist le tuairimí daoine eile – conas a thaitníonn na rudaí céanna le daoine eile is a thaitníonn linne, ach ar chúiseanna éagsúla

| | |
|---|---|
| **Cuspóir Foghlama** | Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann éisteacht le tuairimí daoine eile – conas a thaitníonn na rudaí céanna le daoine eile is a thaitníonn linne – ach ar chúiseanna eile. |
| **Toradh Foghlama** | Iad féin a eagrú i ngrúpa a dtaitníonn an clár teilifíse céanna leo go léir. A roinnt leis an ngrúpa cén fáth a dtaitníonn an clár sin leo agus éisteacht leis an gcúis a dtaitníonn sé le daoine eile. A mhíniú cén fáth a dtaitníonn clár teilifíse áirithe leo agus le daoine eile. |
| **Nótaí na Mhúinteora** | Bíonn táirgí éagsúla meáin dírithe ar ghrúpaí éagsúla daoine nó luchtanna féachana éagsúla, agus rachaidh siad i bhfeidhm ar dhaoine ar bhealaí éagsúla. Braitheann an tionchar sin a bhíonn ag na táirgí orainn ar cé muid féin – ár n-aois, ár n-inscne, ár gcúlra agus ár spéiseanna etc. |
| **Acmhainní** | • Gníomhaíocht 5.1<br>• Scéal: An Breithlá |
| **Modheolaíocht** | • Caint agus plé –An Breithlá<br>• Foghlaim ghníomhach – Cruthaigh Clár Teilifíse; An Clár Teilifíse is Fearr Liom<br>• Comharfhoghlaim – Cruthaigh Clár Teilifíse<br>• Scileanna trí mheán an ábhair – An Breithlá |



## Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Ceacht 5

## Cur Chuige

**Céim 1: An Clár Teilifíse is Fearr Liom**

- Fiafraigh de na leanaí cad iad na cláir theilifíse is fearr leo.

*Beidh raon éagsúil clár teilifíse a luafaidh siad.*

- Mar ghníomhaíocht ranga, iarr ar na leanaí daoine eile sa rang a aimsiú a dtaitníonn an clár céanna leo.
- D'fhéadfá cuidiú leo agus ceithre nó cúig chlár a lua a bhféadfaidís roghnú eatarthu.
- Agus iad sna grúpaí, iarr ar na leanaí cén fáth a mbreathnaíonn siad ar an gclár teilifíse sin.

*Seans go ndéarfaidh siad gur maith leo na carachtair, na scéalta nó an éifeacht fantaisíochta.*

- I ngach ngrúpa ar leith fiafraigh de na leanaí cén ghné den chlár is fearr leo, bíodh sin carachtar ar leith, an suíomh, an snáithe scéil, etc.
- Mínigh don rang go mbíonn a gcúiseanna féin ag gach duine a dtaitníonn clár teilifíse áirithe leo.

**Céim 2: An Breithlá**

- Abair leis na leanaí go bhfuil tú chun scéal a insint dóibh mar gheall ar Andy agus a cairde

  **Andy agus a Cairde**
  Dá breithlá bhí cead ag Andy cóisir a bheith aici. Thug sí cuireadh dá cairde. A luaithe agus a shroich gach duine an chóisir chinn siad ar bhreathnú ar chlár teilifíse sula n-imreoidís lasmuigh. D'fhiafraigh Andy de na daoine eile cén chlár teilifíse ar theastaigh uathu breathnú air. D'aontaíodar go léir gur mhaith leo breathnú ar an gclár teilifíse ab ansa leo: "Fun Times in the Big House." Bhí Andy an-sásta leis an rogha, "Is aoibhinn liomsa an clár teilifíse seo. Tá sé an-ghreannmhar." Bhí ionadh ar Vanessa "Ní dóigh liomsa go bhfuil sé greannmhar, ach is breá liom na carachtair." Bhí tuairim éagsúil ag Leo "Is maith liomsa an ceol agus an damhsa ann. Sin an chuid is fearr den chlár." Luaigh Karen go raibh an chuma air gur thaitin an clár le gach duine, ach ar chúiseanna éagsúla: "Ar a laghad is féidir linn go léir taitneamh a bhaint as ach ar ár gcúiseanna féin." Bhain gach duine sa ghrúpa taitneamh as an eipeasóid de "Fun Times in the Big House." Bhí sé ar an gcóisir is fearr ar fad do gach éinne.

- Tar éis don mhúinteoir an scéal a insint, cuir roinnt ceisteanna ar na leanaí chun iad a spreagadh a machnamh a dhéanamh ar an scéal.
  - Cén fáth a raibh cóisir ag Andy?
  - Cén ghníomhaíocht a roghnaigh Andy agus a cairde?
  - Cén clár teilifíse ab fhearr léi agus lena cairde?
  - Cén fáth ar thaitin "Fun Times in the Big House" le Andy?
  - Cén fáth ar thaitin "Fun Times in the Big House" le Vanessa?
  - Cén fáth ar thaitin "Fun Times in the Big House" le Leo?
  - Cén fáth ar thaitin "Fun Times in the Big House" le Karen?
  - An dóigh leat go mbainfeá taitneamh as an gclár teilifíse "Fun Times in the Big House"?
- Mínigh do na leanaí go mbíonn a gcúiseanna féin ag daoine éagsúla a dtaitníonn clár áirithe teilifíse leo.


# Ceacht 5




## Cur Chuige ar lean

**Céim 3: Cruthaigh Clár Teilifíse**

- Fiafraigh de na leanaí ar mhaith leo a gclár teilifíse féin a chruthú.
- Abair leis na leanaí gur chóir gur clár é ar mhaith leo breathnú air mar go bhfuil na carachtair, an suíomh nó an snáithe scéil spéisiúil etc.
- Is féidir leo úsáid a bhaint as Gníomhaíocht 5.1 chun a gclár teilifíse a phleanáil.
- I ngrúpaí tabhair an deis do na leanaí úsáid a bhaint as bréagáin, bréagáin bhoga nó teidí ón rang chun a gclár teilifíse féin a chruthú.
- Nó d'fhéadfadh na leanaí a gcarachtair féin a chruthú le marla nó le bloic.
- Iarr ar na leanaí beartú ar cá ndéanfar an clár teilifíse a shuíomh, e.g. scoil in Éirinn, i bhfad i gcéin, i ríocht dhraíochtúil, i siopa nó in ospidéal.
- Iarr ar na leanaí a bheartú cad a tharlóidh sa chlár.
- Iarr ar na leanaí ainm a thabhairt ar gach carachtar agus cur síos ar an gcineál carachtair atá i gceist.
- Ansin tabharfaidh siad teideal don chlár teilifíse ar léiriú é ar théama an chláir.
- Tabhair an deis do na leanaí tabhairt faoin tobchumadóireacht ar feadh cúpla nóiméad den chlár ag úsáid na gcarachtar agus an tsuímh a roghnaigh siad.
- Iarr ar na leanaí a mhíniú cad is maith leo faoi chláir theilifíse a chéile, ar bhealach dearfach.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go bhféadfaidís a gcúiseanna féin a bheith acu le go dtaitneodh cláir theilifíse a chéile leo.


Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?
Gníomhaíocht 5.1
Déan do chlár teilifíse féin a phleanáil

| Ainm an chláir |
|---|
| |
| Na Carachtair |
| |
| An Suíomh |
| |
| An Snáithe Scéil |
| |

Ainm: ______ Rang: ______

26 safefood MediaWise

**Gníomhaíocht 5.1**

**Gníomhaíocht Roghnach**

- Déan scannánú ar chláir theilifíse na leanaí ag úsáid fóin, táibléid nó ceamara. Féadfaidh na leanaí ansin breathnú arís ar a gcláir féin agus ar chláir na leanaí eile.

**Céim 4: Gaol a Aithint**

- Fiafraigh de na leanaí an bhfuil an clár teilifíse a chruthaigh siad cosúil leis an gclár teilifíse is fearr leo ar aon bhealach
- Cad atá i gcoiteann ag an dá chlár nó cad iad na difríochtaí idir an dá chlár?
- An dóigh leo go mbreathnódh na leanaí eile ar an gclár teilifíse a chruthaigh siad agus iarr orthu an chúis leis sin a mhíniú.